



[Click here for
Explanatory Memorandum](#)

**TWENTY-NINTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION
(JUDGES' REMUNERATION) BILL 2011**

As initiated

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section

1. Amendment of Article 35 of the Constitution.
2. Citation.

SCHEDULE

PART 1

PART 2



**AN BILLE UM AN NAOÚ LEASÚ IS FICHE AR AN
mBUNREACTH (TUARASTAL BREITHIÚNA), 2011**

Mar a tionscnaíodh

RIAR NA NALT

Alt

1. Airteagal 35 den Bhunreacht a leasú.
2. Lua.

AN SCEIDEAL

CUID 1

CUID 2



**TWENTY-NINTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION
(JUDGES' REMUNERATION) BILL 2011**

BILL

entitled

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION. 5

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend Article 35 of the Constitution: 10

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Amendment of
Article 35 of the
Constitution.

1.—Article 35 of the Constitution is hereby amended as follows:

- (a) the section, the text of which is set out in *Part 1* of the *Schedule*, shall be substituted for section 5 of the Irish text; and 15
- (b) the section, the text of which is set out in *Part 2* of the *Schedule*, shall be substituted for section 5 of the English text.

Citation.

2.—(1) The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Twenty-Ninth Amendment of the Constitution. 20

(2) This Act may be cited as the Twenty-Ninth Amendment of the Constitution (Judges' Remuneration) Act 2011.



**AN BILLE UM AN NAOÚ LEASÚ IS FICHE AR AN
mBUNREACT (TUARASTAL BREITHIÚNA), 2011**

BILLE

dá ngairtear

5 ACHT CHUN AN BUNREACT A LEASÚ.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreact, aon
fhoráil den Bhunreact a leasú ar an modh a shocraítear leis an
Airteagal sin:

10 AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe Airteagal 35 den Bhunreact
a leasú:

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN
MAR A LEANAS:

1.—Leasaítear leis seo mar a leanas Airteagal 35 den Bhunreact: Airteagal 35 den
Bhunreact a leasú.

15 (a) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid*
1 den *Sceideal* in ionad alt 5 den téacs Gaeilge; agus

(b) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid*
2 den *Sceideal* in ionad alt 5 den téacs Sacs-Bhéarla.

2.—(1) An Naoú Leasú is Fiche ar an mBunreact a thabharfar Lua.
ar an leasú a dhéantar ar an mBunreact leis an Acht seo.

20 (2) Féadfar an tAcht um an Naoú Leasú is Fiche ar an
mBunreact (Tuarastal Breithiúna), 2011 a ghairm den Acht seo.

SCHEDULE

PART 1

5. 1° Ní cead laghdú a dhéanamh ar thuarastal breithiúna an fad is a bheidh siad in oifig ach amháin de réir an ailt seo.
- 2° Tá tuarastal breithiúna faoi réir gearradh cánacha, tobhach nó muirear eile a ghearrtar le dlí ar dhaoine i gcoitinne nó ar dhaoine a bhaineann le haicme áirithe. 5
- 3° Más rud é, roimh an alt seo a achtú ina dhlí nó dá éis sin, go ndearnadh nó go ndéantar laghduithe le dlí ar thuarastal daoine a bhaineann le haicmí daoine a n-íoctar a dtuarastal as airgead poiblí agus go luaitear sa dlí sin gur ar mhaithe leis an bpobal na laghduithe sin, féadfar socrú a dhéanamh freisin le dlí chun laghduithe a dhéanamh ar thuarastal breithiúna. 10

PART 2

5. 1° The remuneration of judges shall not be reduced during their continuance in office save in accordance with this section. 15
- 2° The remuneration of judges is subject to the imposition of taxes, levies or other charges that are imposed by law on persons generally or persons belonging to a particular class.
- 3° Where, before or after the enactment into law of this section, reductions have been or are made by law to the remuneration of persons belonging to classes of persons whose remuneration is paid out of public money and such law states that those reductions are in the public interest, provision may also be made by law to make reductions to the remuneration of judges. 20 25

CUID 1

5. 1° Ní cead laghdú a dhéanamh ar thuarastal breithiúna an fad is a bheidh siad in oifig ach amháin de réir an ailt seo.
- 5 2° Tá tuarastal breithiúna faoi réir gearradh cánacha, tobhach nó muirear eile a ghearrtar le dlí ar dhaoine i gcoitinne nó ar dhaoine a bhaineann le haicme áirithe.
- 10 3° Más rud é, roimh an alt seo a achtú ina dhlí nó dá éis sin, go ndearnadh nó go ndéantar laghduithe le dlí ar thuarastal daoine a bhaineann le haicmí daoine a n-íoctar a dtuarastal as airgead poiblí agus go luaitear sa dlí sin gur ar mhaithe leis an bpobal na laghduithe sin, féadfar socrú a dhéanamh freisin le dlí chun laghduithe a dhéanamh ar thuarastal breithiúna.

CUID 2

- 15 5. 1° The remuneration of judges shall not be reduced during their continuance in office save in accordance with this section.
- 2° The remuneration of judges is subject to the imposition of taxes, levies or other charges that are imposed by law on persons generally or persons belonging to a particular class.
- 20 3° Where, before or after the enactment into law of this section, reductions have been or are made by law to the remuneration of persons belonging to classes of persons whose remuneration is paid out of public money and such law states that those reductions are in the public interest, provision may also be
- 25 made by law to make reductions to the remuneration of judges.



TWENTY-NINTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (JUDGES' REMUNERATION) BILL 2011

EXPLANATORY MEMORANDUM

Purpose of Bill

The purpose of the Twenty-Ninth Amendment of the Constitution (Judges' Remuneration) Bill 2011 is to amend section 5 of Article 35 of the Constitution which provides that the remuneration of a judge shall not be reduced during the continuance in office of the judge.

Provisions of Bill

Section 1 provides for the amendment of section 5 of Article 35 of the Constitution by the substitution of the text set out in the Schedule to the Bill.

Section 2 is a standard provision specifying how the Amendment and the Act shall be referred to.

The *Schedule* contains the proposed text of the Amendment in both Irish and English as follows:

“5.1° Ní cead laghdú a dhéanamh ar thuarastal breithiúna an fad is a bheidh siad in oifig ach amháin de réir an ailt seo.

5.2° Tá tuarastal breithiúna faoi réir gearradh cánacha, tobhach nó muirear eile a ghearrtar le dlí ar dhaoine i gcoitinne nó ar dhaoine a bhaineann le haicme áirithe.

5.3° Más rud é, roimh an alt seo a achtú ina dhlí nó dá éis sin, go ndearnadh nó go ndéantar laghduithe le dlí ar thuarastal daoine a bhaineann le haicmí daoine a n-íoctar a dtuarastal as airgead poiblí agus go luaitear sa dlí sin gur ar mhaithe leis an bpobal na laghduithe sin, féadfar socrú a dhéanamh freisin le dlí chun laghduithe a dhéanamh ar thuarastal breithiúna.”

“5.1° The remuneration of judges shall not be reduced during their continuance in office save in accordance with this section.

5.2° The remuneration of judges is subject to the imposition of taxes, levies or other charges that are imposed by law on persons generally or persons belonging to a particular class.

5.3° Where, before or after the enactment into law of this section, reductions have been or are made by law to the remuneration of persons belonging to classes of persons



AN BILLE UM AN NAOÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACTH (TUARASTAL BREITHIÚNA), 2011

MEABHRÁN MÍNITHEACH

Cuspóir an Bhille

Is é is cuspóir don Bhille um an Naoú Leasú is Fiche ar an mBunreacht (Tuarastal Breithiúna), 2011 leasú a dhéanamh ar alt 5 d’Airteagal 35 den Bhunreacht lena ndéantar socrú nach ndéanfar laghdú ar thuarastal breithimh an fad is a bheidh an breitheamh in oifig.

Forálacha an Bhille

Déantar socrú le *halt 1* chun alt 5 d’Airteagal 35 den Bhunreacht a leasú tríd an téacs a leagtar amach sa Sceideal a ghabhann leis an mBille a chur ina ionad.

Foráil chaighdeánach is ea *alt 2* ina sonraítear an chaoi a dhéanfar tagairt don Leasú agus don Acht.

Tá téacs beartaithe an Leasaithe sa Ghaeilge agus sa Sacs-Bhéarla araon sa *Sceideal* mar a leanas:

“5.1° Ní cead laghdú a dhéanamh ar thuarastal breithiúna an fad is a bheidh siad in oifig ach amháin de réir an ailt seo.

5.2° Tá tuarastal breithiúna faoi réir gearradh cánacha, tobhach nó muirear eile a ghearrtar le dlí ar dhaoine i gcoitinne nó ar dhaoine a bhaineann le haicme áirithe.

5.3° Más rud é, roimh an alt seo a achtú ina dhlí nó dá éis sin, go ndearnadh nó go ndéantar laghduithe le dlí ar thuarastal daoine a bhaineann le haicmí daoine a n-íoctar a dtuarastal as airgead poiblí agus go luaitear sa dlí sin gur ar mhaithe leis an bpobal na laghduithe sin, féadfar socrú a dhéanamh freisin le dlí chun laghduithe a dhéanamh ar thuarastal breithiúna.”

“5.1° The remuneration of judges shall not be reduced during their continuance in office save in accordance with this section.

5.2° The remuneration of judges is subject to the imposition of taxes, levies or other charges that are imposed by law on persons generally or persons belonging to a particular class.

5.3° Where, before or after the enactment into law of this section, reductions have been or are made by law to the remuneration of persons belonging to classes of persons

whose remuneration is paid out of public money and such law states that those reductions are in the public interest, provision may also be made by law to make reductions to the remuneration of judges.”

*Department of Justice and Equality,
August, 2011.*

whose remuneration is paid out of public money and such law states that those reductions are in the public interest, provision may also be made by law to make reductions to the remuneration of judges.”

*An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais,
Lúnasa, 2011.*